


## Ar mhaith leat suas le €15,000 a thuilleamh i gcomhair 6 seachtaine oibre, saor ó cháin?



## An í an Ghaelainn teanga an tí?



## An mbeadh fonn ort lóistín a thabhairt do scoláirí óga Gaelainne?



## Ar mhaith leat cuid d'ár saibhreas teangan a roinnt le foghlaimeoirí óga?



**Tá Coláistí Chorca Dhuibhne ag lorg teaghlaigh nó daoine aonair go mbeadh suim acu scoláirí a choimeád i rith na bliana.**

Tuilleadh Eolais: glaoigh ar Pháidí Ó Sé ag 066-9156 100
nó cuir rphost go p.ose@cfcd.ie

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE



# Is féidir suas le €2,500 sa tseachtain a thuilleamh mar Bhean nó mar Fhear a' Tí



## Más í an Ghaelainn teanga an tí i do thighse agus má tá fonn ort an saibhreas seo a roinnt le daltaí óga, agus teacht isteach breise a bheith agat, b'fhéidir go mbeadh fonn ort bheith id' Bhean nó id' Fhear a' Tí!

### Cad iad na buntáistí airgid?

- Bíonn an teacht isteach ar fad saor ó cháin.
- Tá Deontas Caipitil (suas le €8,000, ag brath ar choinníollacha áirithe) ar fáil chun do thigh a chur in oiriúint
- Ritheann ár gcúrsaí ó Mhí Eanáir go lár Mheán Fómhair.

### Cén fhad atá na cúrsaí?

- Ritheann ár gcúrsaí ar feadh 7 nó 14 lá thar 18 seachtaine i rith na bliana ar fad d'Ábhair Oidí (aois 18-21) agus do dhéagóirí (aois 12-18).

### Cad iad na rialacha a bhaineann leis an bpost?

- Caithfidh gach bean / fear tí an próiseas Grinnfhiosrúcháin a bheith comhlíonta acu.
- Níor mhór glacadh le daltaí ar 3 chúrsa ar a laghad i rith na bliana (íosmhéid de 5-6 seachtaine ina iomlán). Mí an Mheithimh is ea an mhí is cúramaí.
- Caithfidh tú bricfeasta, lón pácáilte, dinnéar agus suipéar a chur ar fáil gach lá. Tabhair faoi ndeara le do thoil go mbíonn riachtanais áirithe bia ag dalta anois is arís. .
- Tá gá le spás 8.5 méadar cearnach an dalta sa tseomra leapan. Is féidir le suas le 6 dalta seomra leapan a roinnt, ag brath ar thomhas an tseomra.

### Cad a bhíonn ar siúl ag na daltaí i rith an lae?

- Beidh na daltaí ag freastal ar ranganna sa Choláiste óna 10r.n. go dtí timpeall 4.30i.n. ó Luan go hAoine (1i.n. Dé Sathairn) agus beidh siad ag dul go dtí Céilí gach tráthnóna óna 7.30i.n go 9.30i.n.
- Tabharfaidh bus na daltaí go dti gach imeacht.
- Léirítear thíos an t-am a chaithfidh na daltaí i do thighse agus sa Choláiste i rith an lae.

